# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

**CLÓSCRÍOBH—GNÁTHLEIBHÉAL**
**(100 marc)**

**Dé hAoine, 27 Bealtaine, maidin 9.30—11.40**

**TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9:30—9:40. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

2. Ní mór tabhairt faoi gach ceann de na **ceithre** cheist.

3. Clóscríobh do scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'L' i ndiaidh do Scrúduimhreach má tá clóscríobhán láimhe á úsáid agat.

4. Léigh go cúramach na treoracha sonracha atá tugtha **ag barr** gach ceiste.

5. Tosaigh gach freagra ar bhileog úr.

6. Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht, etc, ach amháin sa triail chruinnis (ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

7. Déan deimhin de go gcuirfidh tú do thriail chruinnis isteach sa chlúdach céanna le do chuid freagraí eile.

8. Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre go léir **in ord**.

9. Scríobh do scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh 'L' i ndiaidh do scrúduimhreach má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe.

| **Ceisteanna** | | **Marc** |
|---|---|---|
| 1. | Triail chruinnis (9:40—9:50) | 25 |
| 2. | Litir ghnó | 25 |
| 3. | Ráiteas táblaithe | 30 |
| 4. | Foirm áirithinte | 20 |
| | **Iomlán:** | **100** |

# Leathanach bán

| Ceist 1 | TRIAIL CHRUINNIS (10 nóiméad) | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Déan cóip charbóin de do chuid oibre.

(b) Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill de 2.54 cm (aon orlach) ar dhá thaobh an leathanaigh.

(c) Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin.

(d) Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.

(e) Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don fheitheoir ag deireadh na trialach cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun iad a chur in ord leis an gcuid eile de do chuid freagraí.

---

Is sraith cheoldráma grinn Mheiriceánach é Glee a chraoltar ar Fox sna Stáit Aontaithe. Tá sé bunaithe ar sheó–chór ardscoile, ag Ardscoil William McKinley ficseanúil in Lima, Ohio. Craoladh eipeasóid phíolótach an tseó tar éis American Idol ar 19 Bealtaine, 2009, agus cuireadh tús le craoladh an chéad séasúir ar 9 Meán Fómhair, 2009.

Ba iad Ryan Murphy, Brad Falchuk agus Ian Brennan a chruthaigh Glee. Chuimhnigh Ian Brennan ar an smaoineamh do Glee bunaithe ar a thaithí féin mar bhall de sheó-chór Ardscoil Mount Prospect in Mount Prospect, Illinois. Smaoinigh sé ar dtús ar Glee mar scannán, seachas mar shraith teilifíse, agus scríobh sé an chéad dréacht i Lúnasa 2005, ach níor éirigh leis spéis sa tionscadal a mhúscailt go ceann roinnt blianta.

Ba é a bhí ar intinn ag Murphy ná gur cineál éalúchais a bheadh sa seó agus é mar athrach ar chláir faoi dhaoine le gunnaí, ficsean eolaíochta, nó dlíodóirí ag rith thart. Baineann Glee le seánra difriúil, níl rud ar bith cosúil leis á chraoladh ag an teilifís líonra nó chábla.

Maidir le lucht féachana Glee, bheartaigh Murphy gur seó a bheadh ann don teaghlach a thaitneodh le haosaigh chomh maith le leanaí, agus carachtair fhásta sna príomhróil ar chomhchéim leis na déagóirí i bpríomhpháirteanna. Tá pleananna ceaptha ag Murphy don tsraith a chuimsíonn craoladh ar feadh trí bliana fhéideartha.



**THALL→**

| **Ceist 2** | **LITIR GHNÓ** | **25 marc** |
|---|---|---|

(a) Clóscríobh an litir ghnó seo a leanas san fhoirm cheart le do thoil.

(b) Níl cóip charbóin de dhíth.

**(c)** Tá clúdach nó cruth clúdaigh riachtanach.

---

Tag PB/(do thúslitreacha féin)

4 Aibreán 2011

An tUasal Pádraig Ó Ríordáin
Bainisteoir Díolachán
Fiontar APB Teo
Neidín
Co Chiarraí

A Uasail Uí Ríordáin, a chara,

Déanaimidne raon táirgí, ornáidí agus troscáin don ghairdín. Tá roinnt seastán taispeántais ag teastáil uainn le haghaidh taispeántas gairdín i Meán Fómhair ag Ráschúrsa Chorcaí i Mala, a bhfuil seastán mór curtha in áirithe againn sa phríomh-halla.

Tá grianghraif agus sonraí de do raon de sheastáin dá leithéid ar do láithreán gréasáin agus tá spéis ar leith againn iontu seo a leanas:

1 Múnla 3C: Trí fhráma shaorsheasaimh chruach, 6 mhéadar ar airde faoi 3 mhéadar ar leithead
2 Múnla 1S: Sé aonad taispeántais a bheadh oiriúnach chun ár raon táirgí a thaispeáint
3 Múnla 9F: Aon chaibinéad amháin taispeántais dár gcuid duais-soilse atá tíosach ar fhuinneamh

Ar mhiste leat na praghsanna is fearr atá agat dóibh sin thuas a chur in iúl dúinn agus iad seo a leanas san áireamh agat:

- Seachadadh le bheith san áireamh (gach mír le seachadadh go dtí Mala ar 1 Meán Fómhair)
- CBL ag an ráta caighdeánach
- Earraí ar cairde ar feadh 30 lá

Má tá fiosrúcháin ar bith agat, déan teagmháil liom le do thoil.

Le dea-ghuí

__________________
Peadar Ó Brádaigh
Bainisteoir Ceannachán

| Ceist 3 | RÁITEAS TÁBLAITHE | 30 marc |
|---|---|---|

(a) Réitigh an ráiteas táblaithe seo a leanas ar pháipéar A4.

(b) Taispeáin go héifeachtach i stíl bhloic nó i stíl lárnach é.

(c) Rialaigh go néata **i ndúch**.

---

## RANGANNA DAMHSA SAMHRAIDH NÓRA BAIRÉAD

| **Rátaí seachtainiúla do Bhealtaine—Lúnasa 2011** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Bealtaine—Meitheamh** | | **Iúil—Lúnasa** | |
| **Stíl damhsa** | **5–8 bliana** | **9–14 bliana** | **5–8 bliana** | **9–14 bliana** |
| Céilí | €15.00 | €20.00 | €50.00 | €70.00 |
| Bailé | €18.00 | €50.00 | €55.00 | €90.00 |
| Hip-hop | €15.00 | €20.00 | €50.00 | €70.00 |
| Tapáil | €15.00 | €20.00 | €50.00 | €70.00 |
| Flamenco | *N/A | €25.00 | *N/A | €75.00 |
| Damhsa tíre | €18.00 | €20.00 | €35.00 | €45.00 |

Déanfaidh múinteoirí atá cláraithe agus láncháilithe na leanaí a theagasc agus a mhaoirsiú.

Tá cumhdach árachais ar na ranganna go léir.

Tá na rátaí uile ar fáil ar ráta seachtainiúil amháin.

*Níl na gníomhaíochtaí seo ar fáil do leanaí faoi 8 mbliana d'aois.

Taispeáin an fhoirm áirithinte seo a leanas go tarraingteach ar bhileog de phortráid A4.

---

**<u>RANGANNA DAMHSA SAMHRAIDH NÓRA BAIRÉAD</u>**

**FOIRM ÁIRITHINTE**

Ainm ______________________________ Dáta breithe ___________________________

Seoladh ____________________________

___________________________________

___________________________________

Teileafón _________________________ Póca _____________________________________

Seoladh rphoist _______________________________________

Dáta an champa samhraidh ______________________________

Líon na leanaí ________________________________________

Stil damhsa __________________________________________

Réamhthaithí ar an damhsa seo __________________________________________________

Tinneas ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar rannpháirtíocht an linbh sa rang

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

Rogha campa: Bealtaine–Meitheamh _____________ Iúil–Lúnasa ____________________

Modh íocaíochta _____________________________________________________________

**Leathanach bán**

**Leathanach bán**